RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/512 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Márta 2023

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a cláraíodh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin, ("Aceto Balsamico di Modena" (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(3)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, foilsíodh an t-iarratas ón Iodáil ar fhormheas ar leasú nach mion ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh faoi chosaint "Aceto Balsamico di Modena" in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) An 31 Lúnasa 2021, fuair an Coimisiún trí fhógra freasúra agus ráiteas réasúnaithe amháin ón nGearmáin. Cuireadh dhá ráiteas freasúra réasúnaithe eile ón nGearmáin isteach an 11 Deireadh Fómhair 2021. An 16 Meán Fómhair 2021, fuair an Coimisiún an ceathrú fógra freasúra ó fhreasúróir atá lonnaithe sa Tuirc. Cuireadh an ráiteas freasúra réasúnaithe lena mbaineann isteach an 16 Samhain 2021.

(3) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar na ráitis freasúra réasúnaithe agus iad a mheas a bheith inghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, thug sé cuireadh don Iodáil agus don Ghearmáin agus don Iodáil agus don fhreasúróir ón Tuirc i litir dar dáta an 10 Nollaig 2021 a bheith páirteach i gcomhairliúcháin iomchuí d'fhonn teacht ar chomhaontú.

(4) An 4 Márta 2021, chuir an Ghearmáin an Coimisiún ar an eolas gur tarraingíodh ceann amháin de na freasúraí siar, ach go seasann beirt fhreasúróirí eile ón nGearmáin na freasúraí eile.

(5) Tháinig deireadh leis na comhairliúcháin idir an Iodáil agus an Ghearmáin ar thaobh amháin agus an Iodáil agus an freasúróir ón Tuirc ar an taobh eile agus níor tháinig siad ar chomhaontú. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leis na leasuithe i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 52(3)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus torthaí na gcomhairliúchán sin á gcur san áireamh aige.

(6) Mheas na freasúróirí go mbeadh neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ina thoradh ar na leasuithe ar an tsonraíocht táirge, ar an ábhar go mbrisfidís an nasc idir an táirge agus an limistéar geografach go háirithe. Chuige sin, léiríodh amhras faoi na hathruithe a líomhnaítear a bheith déanta ar shaintréithe orgánaileipteacha "Aceto Balsamico di Modena", faoin athrú ar an aigéadacht iomlán íosta le haghaidh an táirge aoisithe agus faoin nós imeachta ceartúcháin maidir le diallais ó na paraiméadair a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuireadh i gcoinne na leasuithe sin freisin sa mhéid go raibh cáilíocht "Aceto Balsamico di Modena" á laghdú acu agus gurbh éard a bheadh mar thoradh orthu neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos le haghaidh fínéagair fíona faoi phointe 17 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (aigéadacht 60 gram in aghaidh an lítir ar a laghad = 6 % ar a laghad).

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 231, 16.6.2021, lch. 11.
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72. (CEE) Uimh. 922/79, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

(7) Thairis sin, líomhain na freasúróirí neamhchomhlíonadh na gceanglas íosta le haghaidh inneachar na sonraíochta táirge, maidir le hAirteagal (7)(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, maidir leis an tagairt don chomhlacht rialúcháin le haghaidh "Aceto Balsamico di Modena" a bhaint.

(8) Thairis sin, líomhain na freasúróirí go ndearnadh raon feidhme na cosanta atá ann cheana a leathnú go míchuí agus, dá bhrí sin, go gcuirfí ainmneacha, trádmharcanna nó táirgí i mbaol le clárú na leasuithe, lena n-áirítear fínéagair bhalsamacha de thionscnaimh eile. Bhainfeadh an t-éileamh sin, go háirithe, le háireamh líomhnaithe na hoibleagáide an buidéalú a dhéanamh sa limistéar críochaithe, riail bhreise maidir le cruth na gcoimeádán, chomh maith le paraiméadair an chóimheasa iseatópaigh a thabhairt isteach. Dá thoradh sin, líomhnaíonn na freasúróirí go ndéanann na leasuithe atá beartaithe dochar do leasanna bhuidéalaithe "Aceto Balsamico di Modena" agus tháirgeoirí Gearmánacha fínéagar eile.

(9) Ar deireadh, mhaígh na freasúróirí go bhféadfadh laghdú ar an aigéadacht íosta a tugadh isteach le déanaí mearbhall a chruthú idir PGI "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC) agus "Aceto Balsamico Tradizionale di Modena" (STFC).

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hargóintí a nochtadh sna ráitis freasúra réasúnaithe ón nGearmáin agus ón Tuirc i bhfianaise fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, agus torthaí na gcomhairliúchán iomchuí a rinneadh idir an t-iarratasóir agus na freasúróirí á gcur san áireamh aige, agus tháinig sé ar an gconclúid gur cheart an leasú ar an tsonraíocht táirge le haghaidh an táisc gheografaigh faoi chosaint "Aceto Balsamico di Modena" a fhormheas.

(11) Mhaígh an Iodáil nár léirigh na freasúróirí go raibh leas dlisteanach acu i dtaisceadh na bhfreasúraí, mar a cheanglaítear le hAirteagal 51(1) de Rialachán (AE) 1151/2012, ós rud é gur chuir na freasúróirí i gcoinne leasuithe nach ndearnadh iarratas orthu ná nach raibh bacainní trádála agus/nó margaidh ina dtorthaí orthu.

I gcomhthéacs an nós imeachta is infheidhme maidir le hiarratais ar leasuithe ar an tsonraíocht nach mionleasuithe iad, féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige freasúra a thaisceadh i gcoinne an iarratais ar leasú a cuireadh isteach. Sa chás seo, níor measadh go raibh an riosca díobhála do leasanna na bhfreasúróirí neamhdhóchúil amháin ná hipitéiseach agus, dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur léirigh na freasúróirí go raibh leas dlisteanach acu i dtaisceadh na bhfreasúraí.

(12) Go deimhin, san anailís ar na húdair amhrais a chuir na freasúróirí isteach, léiríodh gur eilimintí nár athraíodh de thoradh na leasuithe atá idir lámha cuid de na héilimh a rinneadh maidir leis na heilimintí sa tsonraíocht táirge, agus nach raibh iontu ach athruithe eagarthóireachta. Bhí sé d'aidhm ag na hathruithe eagarthóireachta sin an doiciméad aonair a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 8(1)(c) de Rialachán (AE) 1151/2012 agus na coinníollacha a leagtar síos i sonraíocht táirge "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC) a léiriú ar bhealach níos fearr. Baineann sé sin, go háirithe, leis na hathruithe a líomhnaítear a bheith déanta ar na saintréithe orgánaileipteacha, leis na hathruithe a líomhnaítear baint a bheith acu le húsáid breiseán agus le húsáid coimeádán plaisteach, chomh maith le hoibleagáid a líomhnaítear an buidéalú a dhéanamh sa limistéar críochaithe. Níor tháinig aon athrú ar na rialacha sin, ach cuireadh foclaíocht úr ar an doiciméad aonair, agus tá an seans ann gur tuigeadh í mar leasú ar an tsonraíocht táirge, ach is amhlaidh go bhfuil siad ina dtoradh ar cheartú neamhréireachtaí idir an tsonraíocht táirge agus an achoimre ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]). Dhírigh measúnú an Choimisiúin ar an iarratas ar leasú "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC) ar na leasuithe substaintiúla a ndearnadh iarratas orthu.

(13) Ní féidir a mheas go bhfuil tionchar diúltach ar an nasc idir an táirge agus a thionscnamh geografach ag na hathruithe a bhaineann le híoschéatadán aigéadachta le haghaidh an chineáil *invecchiato* (aoisithe), is é sin athrú ó 6 % go 5,5 %, ná ag an nós imeachta ceartúcháin a cheadaítear maidir le diallais a d'fhéadfadh a bheith ann. Míníodh na cúiseanna atá leis na leasuithe sin agus tugadh údar cuí leo tráth foilsithe an iarratais, agus is léir nach n-athraíonn cineál agus scála na leasuithe sin saintréithe "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC) agus, dá bhrí sin, nach féidir leo an nasc a chur ar ceal.

([4]) IO C 152, 6.7.2007, lch. 18 agus Rialachán (CE) Uimh. 583/2009 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2009 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Aceto Balsamico di Modena (PGI)] (IO L 175, 4.7.2009, lch. 7).

(14) Thairis sin, ní féidir mearbhall a bheith ann de thoradh na cosúlachta i leibhéal na haigéadachta idir "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC) agus "Aceto Balsamico Tradizionale di Modena" (STFC) ná ní féidir a thabhairt le fios dá toradh gurb é an dara ceann atá i gceist. Fiú má tá saintréithe áirithe i bpáirt ag táirgí faoin dá sonrúchán, cuir i gcás leibhéal na haigéadachta, is as amhábhair éagsúla agus le modhanna táirgthe éagsúla a dhéantar iad agus dá bhrí sin, is táirgí éagsúla iad fós.

(15) Ar deireadh, ní mar fhínéagar fíona a shainmhínítear "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC) agus dá bhrí sin níl sé faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le fínéagar fíona, go háirithe maidir leis an aigéadacht íosta.

(16) I dtaca leis na freasúraí a bhaineann le raon méide na mbuidéal a leathnú, ní féidir a mheas faoin leasú go bhforchuirtear aon srian ar na hoibreoirí atá bainteach le pacáistiú "Aceto Balsamico di Modena". A mhalairt ar fad, le méideanna breise toillte coimeádán a cheadú amhail 0,100 l, 0,150 l, 0,200 l nó 1,5 l, is féidir a mheas go bhfuil na coinníollacha buidéalaithe á liobrálú. Tá an seans ann go mbeadh iomaíocht bhreise ina toradh ar "Aceto Balsamico di Modena" a mhargú i raon níos leithne de mhéid buidéal, rud a bheadh i gcomhréir le bunphrionsabail bheartas iomaíochta an Aontais agus nár cheart a mheas go ndéanfadh sí dochar do cháil "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC).

(17) Is é is aidhm do shaintréithe na gcoimeádán ar lú a dtoilleadh ná 0,250 lítear a áirítear i roinn 3.5 den doiciméad aonair íoschaighdeán aonfhoirmeachta a áirithiú i measc na mbuidéal ina ndíolfar an táirge. Ní áirítear an riail sin maidir le pacáistiú sa tuairisc ar an táirge, ná ní thugtar tuilleadh sonraí fúithi i dtaca le sainiúlacht an táirge faoin roinn den doiciméad aonair atá dírithe ar an nasc agus, dá bhrí sin, ní féidir í a mheas mar ghné fhíor-riachtanach de chur i láthair an táirge. Ós rud é gur le haghaidh coimeádáin nua ar lú a dtoilleadh ná 0.250 lítear amháin a shocraítear na ceanglais sin, coimeádáin nár ceadaíodh roimh an leasú atá idir lámha, ní bheidh tionchar diúltach ag an athrú a gcuirtear ina choinne ar infheistíochtaí i gcoimeádáin a rinne buidéalaithe "Aceto Balsamico di Modena" cheana féin agus dá bhrí sin, ní bheidh siad thíos le caillteanas eacnamaíoch dá dheasca.

(18) Níor soláthraíodh faisnéis faoin gcomhlacht rialúcháin go díreach sa doiciméad aonair, ós rud é nach gceanglaítear é a sholáthar ann i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 668/2014 ón gCoimisiún ([5]). Mar sin féin, áiríodh an fhaisnéis sin sa tsonraíocht táirge, mar a shonraítear in Airteagal 7(1)(g) de Rialachán (AE) 1151/2012.

(19) I dtaca le freasúraí na bhfreasúróirí i gcoinne chomhlíonadh riachtanach pharaiméadair an chóimheasa iseatópaigh, tugadh na paraiméadair sin isteach chun tanú féideartha an fhínéagair fíona a bhrath ar bhealach níos fearr agus chun feabhas a chur ar an gcóras rialúcháin le haghaidh "Aceto Balsamico di Modena". Déantar fíorú an chóimheasa iseatópaigh ag an gcéim táirgthe ar aon chuma, agus dá bhrí sin ní dhéanann sé difear ach do tháirgeoirí "Aceto Balsamico di Modena".

(20) Dá réir sin, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC) a fhormheas.

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na leasuithe ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Aceto Balsamico di Modena" (TGFC), is leasuithe iad atá formheasta anois.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN